



An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

13937/23

SOC 668
SAN 573

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	13171/23
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir leis an meabhairshláinte agus obair fhorbhásach

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite a d'fhormheas Comhairle EPSCO ag an gcrúinniú a bhí aici an 9 Deireadh Fómhair 2023.

Meabhairshláinte agus obair fhorbhásach**Conclúidí ón gComhairle****AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á ADMHÁIL AICI:**

1. Dearbhaítear leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an cuspóir fíor-riachtanach atá ann dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú go leanúnach.
2. Sonraítear in Airteagail 3 agus 31 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, faoi seach, an ceart chun iomláine choirp agus mheabhrach an duine, agus an ceart chun dálaí oibre lena n-urramaítear sláinte, sábháilteacht agus dínit na n-oibrithe. Luaitear i bPrionsabal 5 de Chólún Eorpach na gCearta Sóisialta go bhfuil caidrimh fostaíochta as a dtagann dálaí oibre forbhásacha le cosc. Bunaítear le Prionsabal 6 go bhfuil ceart ag oibrithe chun pá cothrom a fhágann gur féidir leo caighdeán sásúil maireachtála a bheith acu agus aithnítear i bPrionsabal 10 go bhfuil ceart ag oibrithe chun ardleibhéal cosanta dá sláinte agus dá sábháilteacht ag an obair.
3. Tá an tAontas Eorpach agus na Ballstáit tiomanta do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear SDG 8 maidir le hObair Chuibhiúil agus Fás Eacnamaíoch, lena leagtar síos mar cheann dá spriocanna ‘cearta saothair a chosaint agus timpeallachtaí oibre sábháilte slána a chur chun cinn do gach oibrí, lena n-áirítear oibrithe imirceacha, go háirithe imircigh ar mná iad, agus dóibh siúd atá ag gabháil d’fhostaíocht fhorbhásach’.
4. Tá na luachanna, prionsabail agus spriocanna céanna ag an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit is atá ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), is iad sin, todhchaí oibre atá cothrom, cuimsitheach agus slán a mhúnlú ina mbeidh fostaíocht iomlán, tháirgiúil a roghnaítear go toilteanach, chomh maith le hobair chuibhiúil do chách. Cuireann an tAontas na prionsabail atá ina choinbhinsiúin agus a dhearbhuirte chun cinn, mar shampla, an Coinbhinsiún maidir le Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde, 1981 (Uimh. 155) agus an Coinbhinsiún maidir le cur chun cinn an chreata um shábháilteacht agus sláinte cheirde, 2006 (Uimh. 187) lena gcumhdaítear an prionsabal bunúsach agus an ceart bunúsach chun timpeallacht shábháilte agus shláintiúil oibre, chomh maith leis an Dearbhú Céad Bliain maidir le Todhchaí na hOibre.

5. Foráiltear le Treoir 89/391/CEE ón gComhairle, ar a dtugtar an ‘Creat-Treoir maidir le sábháilteacht agus sláinte cheirde’, nach mór don fhostóir sábháilteacht agus sláinte oibrithe a áirithiú i ngach gné a bhaineann leis an obair, lena n-áirítear go hintuigthe rioscaí síceasóisialta. Tá roinnt ionstraimí dlí glactha ag an Aontas Eorpach freisin arb é is aidhm dóibh oibrithe a chosaint ar rioscaí sonracha sláinte agus sábháilteachta.
6. Iarrtar i gCreat Straitéiseach an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair, 2021-2027, go ndíreofaí ar rioscaí síceasóisialta ag an obair agus ar an meabhairshláinte.
7. Baineadh de thátal as an gCruinniú Mullaigh Athbhreithniúcháin maidir le Sábháilteacht agus Sláinte Ceirde, a tionóladh i Stócólm an 15 agus an 16 Bealtaine 2023, gur gá tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar rioscaí síceasóisialta agus ar mheabhairshláinte ag an obair.
8. Tar éis dó fógra a thabhairt in aitheasc an Uachtaráin ar Staid an Aontais an 14 Meán Fómhair 2022, ghlac an Coimisiún an Teachtaireacht maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte an 7 Meitheamh 2023. Tá caibidil sa Teachtaireacht atá dírithe ar rioscaí síceasóisialta ag an obair ina bhfógraítear roinnt tionscnamh thábhachtacha chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin¹.
9. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairim maidir le ‘obair fhorbhásach agus meabhairshláinte’ an 27 Aibreán 2023 ina molann sé sraith beart chun rioscaí síceasóisialta a chosc ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear reachtaíocht shonrach a ghlacadh.

DE BHRÍ GUR FÍOR AN MÉID SEO A LEANAS:

10. Staid folláine í an tsláinte mheabhrach ina réadaíonn an duine a chumas féin agus inar féidir leis nó léi dul i ngleic le gnáthstrus an tsaoil, oibriú go táirgiúil agus go torthúil, agus rannchuidiú lena p(h)obal. Bíonn tionchar dearfach ag dálaí oibre ar ardchaighdeán ar mheabhairshláinte oibrithe.

¹ Sa chomhthéacs sin, tá tionscadal suaitheanta fógartha ag an gCoimisiún ina gcuimseofar athbhreithniú píaraí ar chineálacha cur chuige reachtacha agus forfheidhmithe chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí síceasóisialta ag an obair sna Ballstáit d’fhonn tionscnamh a chur i láthair ar leibhéal an Aontais maidir leis na rioscaí síceasóisialta sa mheántearma agus faoi réir thorthaí an athbhreithniúcháin agus ionchur comhpháirtithe sóisialta.’

11. Cuid ríthábhachtach d'fholláine na ndaoine is ea an mheabhairshláinte, agus bíonn costais eacnamaíocha agus tionchair ar mhargadh an tsaothair ag droch-mheabhairshláinte freisin. Sa tuarascáil 'Health at a Glance Europe 2018', tugadh chun suntais go mbíonn tionchar ag fadhbanna meabhairshláinte ar thart ar 84 mhilliún duine ar fud an Aontais, agus meastar gur mó ná 4 % den OTI (EUR 600 billiún) i dtíortha an Aontais na costais iomlána a bhaineann le fadhbanna meabhairshláinte.
12. Tá an mheabhairshláinte nasctha ar go leor bealaí le hathróa, paraiméadair, toisí agus coinníollacha maireachtála éagsúla, lena n-áirítear an obair. Tá dlúthnasc idir an mheabhairshláinte agus an obair: is féidir tionchar diúltach a bheith ag rioscaí síceasóisialta ag an obair a léirítear, mar shampla, mar chiapadh, ar an meabhairshláinte agus, os a choinne sin, is saincheist thábhachtach í an mheabhairshláinte maidir le cumas oibre, iomaíochas agus táirgiúlacht. D'fhéadfadh an dífhostaíocht tionchar diúltach a imirt ar an meabhairshláinte freisin. Is féidir leis na geallsealbhóirí éagsúla beart a dhéanamh ina ról faoi seach chun an mheabhairshláinte ag an obair a fheabhsú.
13. OSH Pulse: Léirítear sa suirbhé flais-Eorabharaiméadair maidir le sábháilteacht agus sláinte ceirde in ionaid oibre tar éis na paindéime go bhfuil méadú tagtha mar thoradh ar phaindéim COVID-19 ar thosca riosca áirithe a bhaineann le strus agus neamhoird mheabhracha².
14. Tá saol na hoibre ag athrú go tapa. D'fhéadfadh digiteáil, róbatú agus úsáid teicneolaíochtaí nua, mar shampla an intleacht shaorga, a bheith tairbhiúil ó thaobh rochtain ar an margadh saothair, dálaí oibre níos fearr agus táirgiúlacht mhéadaithe de. Mar sin féin, cruthaíonn siad dúshlán maidir le margaí saothair agus éilimh scileanna a athstruchtú agus rioscaí a bhaineann le heisiamh digiteach a chruthú. Tá sé tábhachtach freisin a bheith ar an eolas faoin tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith acu ar dhálaí oibre, e.g. strus de bharr na teicneolaíochta, agus a bheith réidh chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin go hiomchuí.

² De réir shonraí EU-OSHA, maíonn 27 % de lucht saothair an Aontais Eorpaigh gur fadhbanna iad an strus, an dúlagar agus an inní a chruthaíonn nó a ghéaraíonn an obair, agus deir níos mó ná ceathrar as deichniúr oibrithe ar fud an Aontais go bhfuil méadú tagtha ar an strus atá orthu a bhaineann leis an obair mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Sa chomhthéacs sin, mhaígh 27 % de lucht saothair an Aontais gur fhulaing siad strus, dúlagar agus/nó inní idir Aibreán 2021 agus Aibreán 2022. Foinse: https://osha.europa.eu/sites/default/files/Eurobarometer-OSH-in-post-pandemic-workplaces-summary_en.pdf

15. Is éard is obair fhorbhásach ann ná obair a ‘bhfuil pá íseal ag gabháil léi, atá éiginnte, neamhchosanta agus nach féidir le teaghlach maireachtáil uirthi’³. Baineann obair fhorbhásach le cearta saothair, ábhar oibre, eagrú oibre, dálaí oibre, sábháilteacht agus sláinte cheirde (lena n-áirítear tosca síceasóisialta), agus caidreamh oibre.
16. Léiríonn fianaise eolaíoch go gcruthaíonn dálaí oibre forbhásacha freagairtí struis diúltacha a d’fhéadfadh neamhoird, mar shampla imní agus dúlagar, a bheith mar thoradh orthu.
17. Bíonn éagsúlacht ag baint le leitheadúlacht na hoibre forbhásaí agus bíonn tionchar difriúil aici ar ghrúpaí éagsúla ag brath ar athróga áirithe a bhaineann le leochaileacht phearsanta nó shóisialta. Anuas air sin, idirghníomhaíonn deitéarmanaint na meabhairshláinte le héagothroime reatha sa tsochaí, rud a chuireann daoine áirithe i mbaol níos airde ó thaobh droch-mheabhairshláinte de ná daoine eile. Nuair a bhíonn idirdhealú bunaithe ar inscne, bunús ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, foréigean agus fuath mar chúis le drochshláinte mheabhrach, is uirlis thábhachtach coiscthe é comhionannas a chur chun cinn inár sochaithe.
18. De réir shonraí EU-OSHA, tuairiscíonn céatadán níos airde de mhná ná d’fhir go bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu a tharla de dheasca na hoibre nó a d’éirigh ní ba mheasa de bharr na hoibre⁴. Is féidir é sin a mhíniú le tosca áirithe, mar shampla, ró-iomadúlacht na mban i bpoist fhorbhásacha, rioscaí a bheith ann ar minice tionchar a bheith acu ar mhná ná ar fhir, mar shampla ciapadh agus foréigean gnéasach, nó gur minic gur mó an t-ualach nó an tionchar a bhíonn ag freagrachtaí cúraim ar mhná.

³ <https://osha.europa.eu/en/tools-and-resources/eu-osha-thesaurus/term/62001d>

⁴ Mar shampla, mhaígh 30 % de na mná a ndearnadh suirbhé orthu gur fhulaing siad strus, dúlagar nó imní a bhaineann leis an obair idir Aibreán 2021 agus Aibreán 2022, i gcomparáid le 25 % de na fir. Thairis sin, mhéadaigh an phaindéim freagrachtaí cúraim in éineacht le cúraimí fostaíochta, rud a chruthaíonn dhá oiread na hoibre (Foinse: https://osha.europa.eu/sites/default/files/Eurobarometer-OSH-in-post-pandemic-workplaces-summary_en.pdf). Bhí tionchar díréireach aige sin ar mhná, agus bhí tionchar diúltach aige sin ar a meabhairshláinte mar dhaoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu.

19. Níl na staidéir ná na hacmhainní atá ann cheana dírithe go leordhóthanach ar fhaireachán a dhéanamh ar fhaisnéis maidir le cáilíocht na fostaíochta agus a tionchar atá aici ar an tsláinte agus ar cháilíocht na beatha. Tá gá le tuilleadh staitisticí maidir le leitheadúlacht fadhbanna meabhairshláinte ag an obair agus faireachán rialta ar dhálaí oibre síceasóisialta, chomh maith le staidéir ar thosca eagrúcháin agus ar shaintréithe timpeallachtaí oibre a chuireann folláine chun cinn.
20. Tá sé rithábhachtach reachtaíocht an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach chun dul i ngleic le rioscaí síceasóisialta ag an obair. Agus cur chuige córasach ag an bhfostóir maidir le bainistiú riosca, cuidíonn sin le rioscaí síceasóisialta a chosc ag an obair a d'fhéadfadh díriú freisin, go háirithe, ar obair fhorbhásach.
21. Ba cheart tuilleadh iarrachta a dhéanamh chun rochtain ar chúram meabhairshláinte inacmhainne trí bhíthin líon leordhóthanach gairmithe san earnáil cúraim meabhairshláinte a áirithiú, agus úsáid a bhaint as an teilileigheas nó as uirlisí agus acmhainní eile.
22. Leis an tsraith conclúidí seo, cuirtear leis an obair a rinneadh roimhe seo agus leis na gealltanais pholaitiúla a thug an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún agus leis an obair a rinne geallsealbhóirí ábhartha eile, lena n-áirítear na doiciméid a liostaítear san Iarscríbhinn.

**IARRANN AN CHOMHAIRLE AR NA BALLSTÁIT, AGUS IMTHOSCA NÁISIÚNTA
Á gCUR SAN ÁIREAMH AGUS URRAIM Á TABHAIRT DO RÓL AGUS
NEAMHSPLEÁCHAS NA gCOMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA, AN MÉID SEO A LEANAS
A DHÉANAMH:**

23. ANAILÍS níos mionsonraithe a dhéanamh ar na himpleachtaí dlíthiúla agus praiticiúla a bhaineann le cineálacha nua oibre agus eagrúcháin oibre, go háirithe sna cásanna sin ina bhféadfadh freagrachtaí an fhostóra agus an fhostaí a bheith doiléir, mar shampla, grúpaí fiontraíochta agus caidrimh fostaíochta ilpháirtí, mar shampla, obair ghníomhaireachta shealadach, obair phoistíneachta nó fochonraitheoireacht.

24. Beartais fostaíochta ardcháilíochta A CHUR CHUN CINN chun dul i ngleic le neamhbhuaine i ngach cineál ionad oibre agus aghaidh a thabhairt ar shaincheistean áirithe mar shampla neamhshláine post, a bhaineann, *inter alia*, le cineálacha áirithe conarthaí fostaíochta (mar shampla, conarthaí sealadacha ar théarma seasta nó conarthaí páirtaimseartha ainneonacha), chomh maith le pá neamhleor nó an deacracht a bhaineann le cearta saothair a fheidhmiú, agus le tosca eagraíochtúla eile ag an obair a d'fhéadfadh cur leis an éiginnteacht.
25. Beartais A CHOTHÚ lena gcuirtear uirlisí ar fáil d'oibrithe agus dá n-ionadaithe, uirlisí mar shampla feachtais oiliúna agus oideachais, tacaíocht dhlíthiúil nó ardáin idirphlé, chun a ról a neartú agus chun tús áite a thabhairt don idirphlé sóisialta mar acmhainn i gcoinne na neamhchinnteachta.
- 25a. Timpeallacht chumasúcháin A CHUR CHUN CINN, i gcomhréir leis an gcleachtas náisiúnta, don idirphlé sóisialta dépháirteach agus trípháirteach, lena n-áirítear cómhargáil, chun aghaidh a thabhairt ar an meabhairshláinte agus ar an obair fhorbhásach, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach.
26. Cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú éifeachtach reachtaíocht an Aontais agus na reachtaíochta náisiúnta atá ann cheana A ÁIRITHIÚ, chun obair chuibhiúil a ráthú, sábháilteacht agus sláinte ag an obair a chosaint agus cóir chomhionann agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn do gach oibrí.
27. Córais phoiblí A NEARTÚ atá dírithe ar an meabhairshláinte ag an obair a chosaint e.g. trí acmhainní breise a chur ar fáil dóibh, lena n-áirítear acmhainní daonna a bhfuil cáilíochtaí níos airde acu, go háirithe trí athsciliú agus uas-sciliú. Sineirgí a spreagadh, i gcás inarb iomchuí, idir sábháilteacht agus sláinte ceirde agus an tsláinte phoiblí.
28. Tacú le taighde ar an meabhairshláinte ag an obair le cur chuige coiscteach, i.e. díriú ar thionchar, dearfach nó diúltach, na ndálaí oibre ar an meabhairshláinte agus ar fholláine oibrithe.

29. A ÁIRITHIÚ, i gcomhréir leis an gcleachtas náisiúnta, go ndéantar faireachas sláinte, lena n-áirítear maidir le meabhairshláinte, ar oibrithe, atá iomchuí don riosca sláinte agus slándála a bhaineann leis an obair, agus comhordú le seirbhísí sláinte poiblí a chur chun cinn, agus aird ar leith á tabhairt ar earnálacha a bhaineann le dálaí oibre forbhasacha agus earnálacha a sholáthraíonn seirbhísí bunriachtanacha, lena n-áirítear gairmithe sláinte, múinteoirí agus feirmeoirí⁵.
30. DLÚS A CHUR LE BEARTA arb é is aidhm dóibh tacú le hearcú oibrithe a bhfuil meabhairghalar nó neamhord meabhrach acu, agus ar chláir dheonacha a chur chun cinn le haghaidh idirghabháil luath, oiriúnú oibre, agus tacaíocht d'oibrithe nuair a théann siad ar saoire ar chúiseanna meabhairshláinte agus nuair a fhilleann siad ar an obair, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí na hoibrithe sin a athchorprú go solúbtha de réir a chéile sa lucht saothair i gcomhréir lena gcumas obair a dhéanamh agus rud a chuideodh le saoire bhreuiteachta mheabhairshláinte-bhunaithe a chosc agus a ghiorrú. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach aghaidh a thabhairt ar stiogma na bhfadhbanna meabhairshláinte.
31. A ÁIRITHIÚ go n-áireoidh fostóirí go cuí agus go héifeachtach bainistiú rioscaí síceasóisialta sna measúnuithe rioscaí sláinte agus sábháilteachta ceirde agus sna gníomhaíochtaí a eascraíonn astu sin.
32. TACAÍOCHT A THABHAIRT, de réir cleachtais náisiúnta, do dhaoine féinfhostaithe agus micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán a bhaineann le rioscaí síceasóisialta a chosc ag an obair.

⁵ Tugtar le fios in anailís a rinneadh ar an Suirbhé ar Dhálaí Oibre san Eoraip (EWCS) a chlúdaíonn an tréimhse idir 1995 agus 2015 go bhfuil méadú ginearálta tagtha ar strusairí san ionad oibre (e.g. leibhéal íseal rialaithe agus luacha saothair ag an obair), agus géar i gceist i gcás daoine i ngairmeacha ar bheagán oiliúna. Tríd is tríd, bíonn baol díréireach ann go mbeidh drochthorthaí sláinte ann d'oibrithe i ndálaí fostaíochta forbhasacha, lena gcuimsítear fostaíocht ar chaighdeán íseal, neamhshláine post, ioncam neamhleor agus, go ginearálta, easpa cosaint iomchuí ó thaobh sábháilteachta agus sláinte ag an obair. (Foinse: RIGÓ, M, et al. Work stress on rise? Comparative analysis of trends in work stressors using the European working conditions survey)

33. Tionscnaimh oiliúna agus múscailte feasachta agus feachtais maidir leis an meabhairshláinte san ionad oibre agus maidir leis an tionchar atá ag dálaí oibre forbhásacha ar an meabhairshláinte A CHUR CHUN CINN. Cuimsiú ábhair a bhaineann le meabhairshláinte agus rioscaí síceasóisialta ag an obair a chur chun cinn i gcláir oiliúna do ghairmithe acmhainní daonna, do bhainisteoirí agus do bhaill foirne.
- 33a. Beartais A CHUR CHUN CINN chun tacú le meabhairshláinte oibrithe óga le linn a n-imeasctha i margadh an tsaothair, i gcomhréir le cleachtais náisiúnta.
34. An mhaoirseacht ar bhainistiú rioscaí síceasóisialta ag an obair agus an treoirt ina leith A NEARTÚ trí ghníomhaíocht na gcigireachtaí saothair nó na gcomhlachtaí inniúla eile sna Ballstáit, de bhun a gcleachtas náisiúnta. Sa chomhthéacs sin, oiliúint iomchuí a chur chun cinn do chigirí saothair.
35. Forfheidhmiú éifeachtach chearta na n-oibrithe A CHUR CHUN CINN, go háirithe na rialacháin náisiúnta atá i bhfeidhm i réimse an ama oibre, agus beartais a spreagadh chun an saol gairmiúil, an saol pearsanta agus saol an teaghlaigh a thabhairt a chur i gcomhréir lena chéile, d'fhonn cosaint níos fearr ar an meabhairshláinte a chothú.

IARRANN AN CHOMHAIRLE AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

36. A ÁIRITHIÚ go gcuirfear gnéithe den am oibre ar féidir leo tionchar a bheith acu ar an meabhairshláinte san áireamh agus faireachán á dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003.
37. MACHNAMH A DHÉANAMH ar bheartas leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí síceasóisialta ag an obair bunaithe ar na hoibleagáidí dlíthiúla a leagtar síos i dTreoir Réime 89/391/CEE, arna oiriúnú do na réaltachtaí nua a dhéanann difear do shaol na hoibre agus aird ar leith á tabhairt ar a dtionchar ar mheabhairshláinte oibrithe agus ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na gníomhaíochtaí a áirítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte.

38. Éagsúlacht dhaonra na hEorpa A MHEAS agus tionscnaimh maidir leis an mbeartas saothair á gceapadh, chun cosaint chuí a chur chun cinn do na daoine sin atá i staid leochaileach a bhféadfadh a meabhairshláinte a bheith i mbaol.
39. An ceart chun dícheangail A MHEAS mar bheart lena rannchuidítear le rioscaí síceasóisialta a chosc ag an obair, agus an chaibidlíocht leanúnach atá á déanamh ag comhpháirtithe sóisialta trastionscail an Aontais maidir leis an teile-obair agus an ceart chun dícheangail á gcur san áireamh.
40. Comhordú iarrachtaí na mBallstát A CHOTHÚ i dtaca le **tionscnaimh** náisiúnta a chur chun feidhme maidir le rioscaí síceasóisialta a bhainistiú ag an obair, uirlisí agus treoir a fhorbairt, agus malartú dea-chleachtas a fheabhsú le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair agus óna líonraí saineolaithe.
41. Na cineálacha fostaíochta forbhásaí is mó atá i réim A SHAINAITHINT, ANAILÍS DHÉANAMH ORTHU AGUS IAD A MHEAS trí fhaireachán córasach a dhéanamh ar fhostaíocht fhorbhásach, agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar chothroime na mbeartas agus na n-idirghabhálacha a chuirtear chun feidhme bunaithe ar staidreamh agus sonraí ó Eurostat, EU-OSHA agus Eurofound.
42. FEABHAS A CHUR ar an bhfaisnéis maidir le leitheadúlacht fadhbanna meabhairshláinte san ionad oibre, faisnéis atá cothrom le dáta a thiomsú faoi dhálaí saothair a mbíonn tionchar diúltach acu ar an meabhairshláinte, agus a n-éifeachtaí sonracha, arna miondealú de réir gnéis agus de réir tosca ábhartha eile, chun gur féidir faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme beartas lena bhfeabhsaítear an mheabhairshláinte.

**IARRANN AN CHOMHAIRLE AR NA COMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA,
AR LEIBHÉAL AN AONTAIS AGUS AR LEIBHÉAL NA mBALLSTÁT, I gCOMHRÉIR
LE CLEACHTAIS NÁISIÚNTA, AGUS A SAINORDUITHE AGUS A
NEAMHSPLEÁCHAS Á N-URRAMÚ GO hIOMLÁN, AN MÉID SEO A LEANAS
A DHÉANAMH:**

43. LEANÚINT DE BHEITH RANNPHÁIRTEACH san idirphlé sóisialta, ar gach leibhéal, chun aghaidh a thabhairt ar fheabhsú na ndálaí oibre a mbíonn tionchar diúltach acu ar an meabhairshláinte, go háirithe na dálaí sin ar saintréithe iad de phoist fhorbhásacha.

44. LEANÚINT D’FHEASACHT A MHÚSCAILT i measc fostóirí maidir le saincheistanna mar shampla an tábhacht a bhaineann le rioscaí síceasóisialta a bhainistiú ag an obair chun an tionchar diúltach a d’fhéadfadh a bheith ar an meabhairshláinte a chosc, an tábhacht a bhaineann le comharthaí anacra shíceolaíoch a aithint ionas gur féidir le fostóirí na bearta coisctheacha iomchuí a dhéanamh dá réir, agus maidir leis na buntáistí a bhaineann le meabhairshláinte agus folláine a chur chun cinn san ionad oibre.
45. A MHEABHRÚ d’fhostóirí tosca síceasóisialta ag an obair a ionchorprú go héifeachtach ina measúnú riosca agus meabhairshláinte a áireamh i bhfaireachas sláinte na n-oibrithe chun dálaí oibre a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh don tsláinte a shainaithint agus a fheabhsú.
46. LEANÚINT d’idirghabhálacha A CHUR CHUN CINN in ionaid oibre chun folláine shíceasóisialta agus dea-shláinte ag an obair a chur chun cinn, go háirithe athruithe eagraíochtúla a dhéanann difear do dhálaí oibre, mar shampla idirghabhálacha maidir le ham oibre a eagrú, seachas idirghabhálacha atá dírithe ar dhaoine aonair ar leith. Ba cheart do na hidirghabhálacha sin díriú ar thimpeallachtaí agus cleachtais thacúla a chruthú lena gcosnaítear meabhairshláinte na n-oibrithe.
47. LEANÚINT DE chineálacha cur chuige réamhghníomhacha A CHOTHABHÁIL i leith an digiteála agus úsáid TFC a bhfuil tionchar dearfach acu ar dhálaí oibre agus a dtionchar diúltach a íoslaghdú, trí bhainistiú coisctheach a dhéanamh ar rioscaí síceasóisialta ag an obair. D’fhéadfaí a áireamh leis sin bearta cur chun feidhme lena ndéantar cothromaíocht oibre is saoil a chur chun cinn, brú an ualaigh oibre a íoslaghdú, leithlisiú sóisialta a chosc agus an tacaíocht is gá a chur ar fáil d’oibrithe chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an teicneolaíocht agus leis an gcianobair.
48. Ról an idirphlé shóisialta agus na cómhargála A NEARTÚ maidir le feabhas a chur ar rioscaí síceasóisialta a shainaithint, a chosc agus a bhainistiú ag an obair agus maidir le hidirdhealú, foréigean síceolaíoch, ciapadh agus gnéaschiapadh a chomhrac.
49. TACÚ le gné na hinscne a chuimsiú a mhéid a bhaineann le dálaí oibre i ngach earnáil agus i ngach cineál ionad oibre, agus measúnú á dhéanamh ar na tionchair mhíchothroma ar an meabhairshláinte i measc na bhfear agus na mban.

TAGAIRTÍ

Dlí príomha an Aontais

1. AN tAONTAS EORPACH. Leagan Comhdhlúite den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, 2012. <https://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CELEX:12012E/TXT:ga:PDF>
2. AN tAONTAS EORPACH. Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, 2000. <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex%3A12012P%2FTXT>

Treoracha ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

1. PARLAIMINT NA hEORPA AGUS AN CHOMHAIRLE: Treoir 2003/88/CE a bhaineann le gnéithe áirithe d’eagrú ama oibre. *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, 2003. [EUR-Lex - 32003L0088 - EN - EUR-Lex \(europa.eu\)](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32003L0088)
2. PARLAIMINT NA hEORPA AGUS AN CHOMHAIRLE: Treoir 2006/54/CE maidir le prionsabal na gcomhdheiseanna agus na córa combhionainne d’fhir agus do mhná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (athmhúnlú). *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, 2006. <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=celex%3A32006L0054>
3. PARLAIMINT NA hEORPA AGUS AN CHOMHAIRLE: Treoir 2019/1158 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí. *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, 2019. <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A32019L1158>
4. PARLAIMINT NA hEORPA AGUS AN CHOMHAIRLE: Treoir 2019/1152 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuatha san Aontas Eorpach. *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, 2019. <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/ga/ALL/?uri=CELEX:32019L1152>
5. PARLAIMINT NA hEORPA AGUS AN CHOMHAIRLE: Treoir 2022/2041 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach. *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, 2022. <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A32022L2041>
6. PARLAIMINT NA hEORPA AGUS AN CHOMHAIRLE: Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac. 2022. eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52022PC0105

Comhairle an Aontais Eorpaigh

1. COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH: Conclúidí ón gComhairle maidir leis an teile-obair, 2021. [pdf \(europa.eu\)](#)
2. COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH: Treoir 89/391/CEE Bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh. Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach, 1989. <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=celex%3A31989L0391>
3. COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH: Treoir 2000/78/CE Creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha. Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach, 2000. <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A32000L0078>
4. COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH: Treoir 2000/43/CE Prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan spleáchas do thionscnamh ciníoch nó eitneach. Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach, 2000. [EUR-Lex - 32000L0043 - EN - EUR-Lex \(europa.eu\)](#)
5. COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH: Conclúidí ón gComhairle maidir le Todhchaí na hOibre: Dearbhú Céad Bliain na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair á chur chun cinn ag an Aontas Eorpach, 2019. [pdf \(europa.eu\)](#)
6. COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH: Moladh ón gComhairle maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas, an 12 Meitheamh 2023. <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-10542-2023-INIT/ga/pdf>

An Coimisiún

1. AN COIMISIÚN EORPACH: Comhdháil théamach ‘An mheabhairshláinte agus an fholláine a chur chun cinn in ionaid oibre’, 2011.
2. AN COIMISIÚN EORPACH: Creat Straitéiseach do 2021-2027 maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair. Sábháilteacht agus sláinte cheirde i ndomhan athraitheach oibre. <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52021DC0323&from=EN>
3. AN COIMISIÚN EORPACH: Conclúidí ón gcrúinniú mullaigh maidir le sábháilteacht agus sláinte cheirde (OSH). 2023. <https://ec.europa.eu/social/BlobServlet?docId=26872&langId=en>
4. AN COIMISIÚN EORPACH: Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal ‘*Comprehensive approach to mental health*’ [Cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte]. 2023. <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52023DC0298&qid=1695022001703>
5. ECFE/AE (2018), Health at a Glance: Europe 2018: State of Health in the EU Cycle, Foilsitheoireacht ECFE, Páras. https://doi.org/10.1787/health_glance_eur-2018-en

Parlaimint na hEorpa

1. PARLAIMINT NA hEORPA: Dálaí oibre agus fostaíocht fhorbhásach. 2017. [Téacsanna arna nglacadh – Working conditions and precarious employment \[Dálaí oibre agus fostaíocht fhorbhásach\] – Dé Máirt, 4 Iúil 2017 \(europa.eu\)](#)
2. PARLAIMINT NA hEORPA: An mheabhairshláinte sa saol digiteach oibre. 2022. [Téacsanna arna nglacadh - Mental Health in the Digital World of Work \[An Mheabhairshláinte sa Saol Digiteach Oibre\] - Dé Máirt, an 5 Iúil 2022 \(europa.eu\)](#)

Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE)

1. COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA (CESE): Obair fhorbhásach agus meabhairshláinte (Tústuairim arna hiarraidh ag Uachtaránacht na Spáinne). 2023. <https://www.eesc.europa.eu/en/our-work/opinions-information-reports/opinions/precarious-work-and-mental-health>
2. COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA (CESE): Idirphlé sóisialta mar uirlis chun sláinte agus sábháilteacht a chur chun cinn ag an obair (Tústuairim arna hiarraidh ag Uachtaránacht na Fraince). 2021. <https://www.eesc.europa.eu/en/our-work/opinions-information-reports/opinions/social-dialogue-tool-promote-health-and-safety-work>

Eile

1. AN EAGRAÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA SAOTHAIR (EIS): *From Precarious Work to Decent Work: outcome document to the Workers' Symposium on Policies and Regulations to combat Precarious Employment*. EIS, 2012.
2. AN EAGRAÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA SAOTHAIR (EIS): An Coinbhinsiún maidir le Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde agus leis an Timpeallacht Oibre, 1981 (C155) https://www.ilo.org/dyn/normlex/en/f?p=NORMLEXPUB:12100:0::NO::P12100_ILO_COD E:C155
3. AN EAGRAÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA SAOTHAIR (EIS): An Coinbhinsiún maidir le cur chun cinn an chreata um shábháilteacht agus sláinte cheirde, 2006 (C 187) https://www.ilo.org/dyn/normlex/en/f?p=NORMLEXPUB:12100:0::NO::P12100_ILO_COD E:C187
4. AN EAGRAÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA SAOTHAIR (EIS): an Coinbhinsiún maidir le hOibrithe Tí (C189). https://www.ilo.org/dyn/normlex/en/f?p=NORMLEXPUB:12100:0::NO::P12100_ILO_COD E:C189
5. AN EAGRAÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA SAOTHAIR (EIS): An Coinbhinsiún maidir le Foréigean agus Ciapadh (C190). https://www.ilo.org/dyn/normlex/en/f?p=NORMLEXPUB:12100:0::NO::P12100_ILO_COD E:C190

6. AN EAGRAÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA SAOTHAIR (EIS): Dearbhú Céad Bliain EIS maidir le Todhchaí na hOibre. EIS, 2019.
7. AN EAGRAÍOCHT DHOMHANDA SLÁINTE (EDS): *Guidelines on mental health at work: executive summary*. an Ghinéiv: EDS, 2022.
<https://www.who.int/publications/i/item/9789240053052>
8. AN EAGRAÍOCHT DHOMHANDA SLÁINTE (EDS) AGUS AN EAGRAÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA SAOTHAIR (EIS): *Mental health at work: Policy brief* [Faisnéis bheartais]. EDS-EIS, 2022. https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_protect/---protrav/---safework/documents/publication/wcms_856976.pdf
9. NA NÁISIÚIN AONTAITHE: *Transforming our world: the 2030 Agenda for Sustainable Development*. 2015. https://unctad.org/system/files/official-document/ares70d1_en.pdf
10. AN EAGRAÍOCHT DHOMHANDA SLÁINTE:
Bunreacht na hEagraíochta Domhanda Sláinte. an Ghinéiv. 2006
11. AN EAGRAÍOCHT UM CHOMHAR AGUS FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA (ECFE) (2021: *A New Benchmark for Mental Health Systems: Tackling the Social and Economic Costs of Mental Ill-Health*, Staidéar ar Bheartais Sláinte ECFE, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, <https://doi.org/10.1787/4ed890f6-en>
12. AN EAGRAÍOCHT UM CHOMHAR AGUS FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA (ECFE): *Recommendation of the Council on Integrated Mental Health, Skills and Work Policy*. ECFE, 2018. *Flyer_MHW Council Recommendation.pdf* (oecd.org)
https://www.oecd.org/els/emp/Flyer_MHW%20Council%20Recommendation.pdf
13. AN EAGRAÍOCHT UM CHOMHAR AGUS FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA (ECFE) (2023): *Measuring Population Mental Health*, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, <https://doi.org/10.1787/5171eef8-en>
14. LEKA, S., COX, T. (Eag.). PRIMA-EF: *Guidance on the European Framework for Psychosocial Risk Management. A resource for employers and worker representatives. Protecting Workers' Health*. EDS, 2008. http://www.prima-ef.org/uploads/1/1/0/2/11022736/prima-ef_brochure_english.pdf
15. EUROPEAN NETWORK FOR WORKPLACE HEALTH PROMOTION [AN LÍONRA EORPACH UM CHUR CHUN CINN NA SLÁINTE SAN IONAD OIBRE]: *The Edinburgh Declaration on the Promotion of Workplace Mental Health and Wellbeing*. 2010
16. SOBOCKI, PATRIK, et al. Cost of depression in Europe. *Journal of Mental Health Policy and Economics*. 2006, 9 (2), lgh. 87-98.

17. JAIN, ADITYA, et al. *The impact of national legislation on psychosocial risks on organisational action plans, psychosocial working conditions, and employee work-related stress in Europe*. *Social Science & Medicine*, Imleabhar 302, 2022, 114987
18. BENACH, JOAN, et al. *Precarious employment: understanding an emerging social determinant of health*. *Annual review of public health*. 2014, 35, lgh. 229-253.
19. Eurofound: (2023). *Suirbhé Teileafóin maidir le Dálaí Oibre san Eoraip*, 2021. [bailiú sonraí]. An dara heagrán. Seirbhís Sonraí na Ríochta Aontaithe. SN: 9026, DOI: <http://doi.org/10.5255/UKDA-SN-9026-2>
20. AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH UM SHÁBHÁILTEACHT AGUS SLÁINTE AG AN OBAIR: OSH Pulse - *Occupational Safety and Health in Post-Pandemic Workplaces* [Sábháilteacht agus sláinte ceirde in ionaid oibre iar-phaindéimeacha]. Flais-Eorabharaiméadar. 2022. <https://osha.europa.eu/en/publications/summary-osh-pulse-occupational-safety-and-health-post-pandemic-workplaces>
21. INSTITUTO NACIONAL DE SEGURIDAD Y SALUD EN EL TRABAJO: *Desafíos de la digitalización para la seguridad y salud en el trabajo. La emergencia de riesgos psicosociales y el trabajo de plataformas digitales*. 2023, an Spáinn. <https://www.insst.es/documentacion/catalogo-de-publicaciones/desafios-de-la-digitalizacion-para-la-seguridad-y-salud-en-el-trabajo-la-emergencia-de-riesgos-psicosociales-y-el-trabajo-de-plataformas-digitales-ano-2023>
22. RIALTAS NA SPÁINNE: *Precariedad laboral y salud mental. Conocimientos y políticas*. 2023. <https://www.lamoncloa.gob.es/serviciosdeprensa/notasprensa/trabajo14/Documents/2023/170323-informe-salud-mental.pdf>
23. BLOMQUIST, SANDRA, et al. Perceived job insecurity and risk of suicide and suicide attempts: a study of men and women in the Swedish working population. *Scandinavian Journal of Work, Environment & Health*. 2022, 48 (4), lgh. 293-301.
24. EUROFOUND (2020): *Cineálacha nua fostaíochta: 2020 update* [Foirmeacha nua fostaíochta: nuashonrú 2020], Sraith nuafhoirmeacha fostaíochta, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.
25. EUROFOUND (2023): *Changing labour markets – How to prevent a mismatch between skills and jobs in times of transition – Background paper* [Margaí saothair atá ag athrú – Conas mí-oiriúint idir scileanna agus poist a chosc in aimsir an aistrithe — Páipéar cúlra], Eurofound, Baile Átha Cliath.
26. RIGÓ, M, et al. *Work stress on rise? Comparative analysis of trends in work stressors using the European working conditions survey*. *International Archives of Occupational and Environmental Health* (2021) 94:459–474. <https://doi.org/10.1007/s00420-020-01593-8>